Údarás na Gaeltachta: Athbhreithniú 2013

LÁNCHOSC - 21 EANÁIR 2014

Ráiteas eisithe ag Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach agus Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta

- **Tús curtha leis an phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht**
- **Os cionn 600 post nua cruthaithe in 2013**
- **Tograí nua ceadaithe ina mbeifear ag súil le 560 post nua a chruthú**
- **An ráta ba lú caillteanas post feicthe**
- **Os cionn 1,000 rannpháirtí ar scéimeanna sóisialta fostaíochta**

Athbhreithniú ar 2013

Cruthaíodh 616 post nua i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2013. Bhí 7,650 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana, comhdhéanta de 6,970 post lánaimseartha agus 680 post páirtaimseartha. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú 96 post i gceist.

Cuireadh tús foirmeálta leis an phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht ag deireadh 2013 nuair a rinneadh fógraí i dtaca le Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta sna contaetha Dhún na nGall, na Gaillimhe agus Chiarraí. Is toradh iad na fógraí sin ar obair thrí bliana a dhírigh ar phróiseas nua pleanála teanga a chur ar bhunús reachtúil, agus is céim shuntasach chun tosaigh í seo i stair agus i dtodhchaí na Gaeilge sa Ghaeltacht. Cuireann na fógraí seo tús le feidhmiú Acht na Gaeltachta, 2012 ina leagtar an bhéim ar phleanáil chomhtháite teanga ag leibhéal an phobail. I rith na bliana, d'oibrigh an tÚdarás go dlúth leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Foras na Gaeilge leis an bhunsraith riaracháin agus na córais éagsúla oibre, atá mar chuid den phróiseas, a leagan síos.

Fostaíocht sa Ghaeltacht

Le blianta anuas, tá Údarás na Gaeltachta dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar líon earnálacha ar a n-áirítear acmhainní nádúrtha agus mara, eolaíochtaí beatha, teicneolaíocht faisnéise, bia, déantúsaíocht nideoige, innealtóireacht agus tráchtearraí ardluacha eile atá intrádála go hidirnáisiúnta. Tháinig fás ar chomhlachtaí Gaeltachta sna hearnálacha sin, i dtéarmaí díolacháin agus i gcruthú fostaíochta, i rith na bliana. Is údar mór dóchais é go raibh an líon

ba lú caillteanais post le tríocha bliain i gcliantchomhlachtaí Gaeltachta le linn 2013. Tá an laghdú leanúnach ar an ráta caillteanais post le roinnt blianta anuas ina léiriú dearfach ar an dóigh a bhfuil comhlachtaí Gaeltachta tar éis a mbonn fostaíochta a bhuanú le blianta anuas agus iad in ann díriú anois ar bhorradh a chur faoina bhfiontair agus an eacnamaíocht ar tí a theacht chuici féin.

Is í an earnáil easpórtála atá ina príomh-thiománaí in athshlánú na fostaíochta agus i bhfás eacnamaíochta sa tír, agus anuraidh mhéadaigh an díolachán easpórtála i gcliantchomhlachtaí an Údaráis go €464 milliún. Is fianaise í an méadú atá tagtha ar easpórtáil iomlán, mar chéatadán de dhíolachán, ó 45% go 59% ó bhí 2008 ann, go bhfuil na comhlachtaí Gaeltachta ag cur go leor dá bhfócas ar easpórtáil.

560 post nua ceadaithe don Ghaeltacht i rith 2013

Anuraidh, cheadaigh Údarás na Gaeltachta líon tograí ina bhfuiltear ag súil go ndéanfar infheistíocht iomlán measta de €44 milliún agus go gcruthófar 560 post nua iontu. Cruthófar breis agus leath de na poist sin i ngnólachtaí nua, agus cruthófar an chuid eile acu i gcliantchuideachtaí reatha de réir mar a bheidh siad ag forbairt a ngnóthaí. Táthar ag súil go dtiocfaidh na poist sin chun cinn in 2014 agus sna blianta ina dhiaidh sin nuair atá na tograí faoi lán seoil.

Tionchar Suntasach Eacnamaíoch ag Cliantchomhlachtaí an Údaráis ar Gheilleagar na Tíre

Tugann taighde a rinne Indecon International Economic Consultants in 2013[1] le fios go bhfuil tionchar suntasach ag cliantchomhlachtaí an Údaráis ar gheilleagar na hÉireann, agus meastar go gcuireann siad luach iomlán de thart ar €1.5 billiún leis. Léiríonn an anailís go bhfuil luach díolacháin de breis agus €787 milliún ag na comhlachtaí Gaeltachta seo. Lena chois sin, cuireann siad os cionn €409 milliún de chaiteachas díreach isteach sa gheilleagar, agus cuireann siad breis agus €358 milliún ar fáil do gheilleagar na tíre in olltáirgeacht intíre (GDP). Fosta, íocann comhlachtaí Gaeltachta thart ar €71 milliún in íocaíochtaí cánacha do Státchiste na hÉireann, bunaithe ar chánacha corparáideacha agus ioncaim a d'eascair óna ngníomhaíochtaí in 2012, agus bhí a gcaiteachas iomlán párolla cothrom le €200 milliún.

[1] Tá an anailís i dtuarascáil International Economic Consultants bunaithe ar na figiúirí as an ABSEI (Tuarascáil um Shuirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch) is déanaí. Rinne Forfás an *ABSEI* in 2013 ar gach gníomhaireacht forbartha.

Ag Cothú Fiontair Ghaeltachta agus Cruthú Fostaíochta

Ionas go mbeidh sé in ann a theacht i dtír ar dheiseanna nua cruthaithe fostaíochta, teastaíonn infreastruchtúr gnó ón Údarás a bheidh in oiriúint do riachtanais a chliant agus do na gnólachtaí nua a bheidh ag teacht chun cinn. Ceann de na constaicí is mó a bhaineann le forbairt bhreise fiontraíochta agus le cruthú fostaíochta sa Ghaeltacht is ea an easpa infreastruchtúr oiriúnach don ghnó. In ainneoin an rathúnais a bhí sa tír suas go dtí 2006, is beag samplaí atá ann d'infheistíocht ón earnáil phríobháideach in infreastruchtúr ná saoráidí nua-aimseartha tionsclaíocha/fiontair i gceantair thuaithe, ná sa Ghaeltacht ach go háirithe.

De bharr srianta airgeadais le roinnt blianta anuas, ní raibh d'acmhainn ag an Údarás dóthain infheistíochta a dhéanamh ina phunann maoine. Tógadh sciar mór de phunann maoine fiontraíochta an Údaráis sna 70aidí agus sna 80aidí chun freastal ar thionscail traidisiúnta déantúsaíochta. Agus an earnáil traidisiúnta déantúsaíochta ag dul i léig go leanúnach, tá uasghrádú substaintiúil agus athchóiriú le déanamh ar na foirgnimh mhóra thionsclaíocha sin chun iad a thabhairt chuig an chaighdeán a theastaíonn ó fhiontair nua-aimseartha na linne seo.

'Sé ár dtaithí ná go bhfuil sé níos éasca infheistíocht fiontair a mhealladh nuair a bhíonn fáil ar fhoirgnimh nua-aimseartha, d'ardchaighdeán atá réidh le húsáid. Ar an bhunús sin, tá athfhorbairt déanta ar líon teoranta d'fhoirgnimh an Údaráis le blianta anuas. Tá na foirgnimh sin ionann agus a bheith lán faoin tráth seo. Léiríonn an t-éileamh sin an gá atá le breis infheistíochta chaipitil sa Ghaeltacht le go mbeifear ábalta tuilleadh infheistíochta a mhealladh isteach. Tá athfhorbairt agus uasghrádú ar mhaoin ghnó an Údaráis riachtanach le cinntiú go mbeidh rath ar fheidhm forbartha fiontair agus cruthú fostaíochta na heagraíochta agus leanfaidh an tÚdarás air ag iarraidh teacht ar bhealaí leis an athfhorbairt seo a mhaoiniú, m.sh díol maoine.

Tá an easpa leathanbhanda ardluais ar chostas réasúnach ag cur as d'iomaíocht na gcomhlachtaí Gaeltachta agus caithfear leanúint den iarracht chun an easpa sin a leigheas.

Na Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta fós ag cur oiliúint agus taithí oibre thábhachtach ar fáil do dhaoine dífhostaithe

Déanann Údarás na Gaeltachta bainistiú agus riarachán ar an *Scéim Fostaíochta Pobail,* an *Scéim Shóisialta Tuaithe, Tús* agus *Tús Nua*. Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí maoiniú

ar na scéimeanna fostaíochta sóisialta a bhfuil ról tábhachtach acu i soláthar taithí oibre agus oiliúna do phobail Ghaeltachta. In 2013, fostaíodh breis agus 1,000 rannpháirtí agus 49 maor i 49 scéim ar fud na Gaeltachta. I rith na bliana, thosaigh breis agus 300 rannpháirtí nua ar na scéimeanna agus chríochnaigh breis agus 260 rannpháirtí a gclár. Meastar go bhfuil fostaíocht faighte ag 30% díobh sin a chríochnaigh a gclár. Tá na scéimeanna fostaíochta sóisialta seo lárnach i bhforbairt an phobail agus i gcothabháil gníomhaíochtaí Gaeilge sa Ghaeltacht.

Gníomhaíochtaí Teanga

Le linn 2013 cuireadh dlús le hobair phleanála le feidhm a thabhairt d'Acht na Gaeltachta, 2012. Aontaíodh go mbeadh 26 Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta i gceist agus rinneadh sainiú iomlán de réir toghrann ar na limistéir sin. Forbraíodh agus aontaíodh próiseas le heagraíochtaí a roghnú le dul i mbun pleananna teanga a ullmhú sna Limistéir Pleanála Teanga. Is é an cuspóir a bheidh ag na pleananna teanga ná cur le húsáid na Gaeilge sna limistéir lena mbaineann siad i réimsí an phobail agus an teaghlaigh, i réimsí oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí.

I mí na Nollag 2013 rinne an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D., na chéad fhógraí i dtaca le trí Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta. Tá tús curtha anois leis an phróiseas agus tá an tÚdarás freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna limistéir éagsúla. Tá iarratais á lorg ag an Údarás faoi láthair ó eagraíochtaí/coistí ar suim leo a bheith páirteach sa phróiseas pleanála teanga sna trí limistéir atá fógartha. Déanfar deich Limistéar Pleanála Teanga eile a fhógairt i rith 2014 agus beifear ag lorg iarratas ó eagraíochtaí sna limistéir sin de réir mar a dhéantar iad á fhógairt.

Tá dúshláin ag baint le pleanáil teanga agus beidh an tÚdarás ag obair go dlúth leis na pobail Ghaeltachta agus le páirtithe leasmhara eile le pleananna éifeachtacha teanga a fhorbairt a mbeidh mar aidhm acu pobal inmharthana Gaeilge a chinntiú sa Ghaeltacht. Aithníonn pobal na Gaeltachta go bhfuil creimeadh leanúnach ag tarlú don Ghaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail sa Ghaeltacht agus, dá bhrí sin, go bhfuil géarchéim teanga i mórán ceantar Gaeltachta. Is próiseas casta é an próiseas pleanála teanga, agus caithfear tabhairt faoin obair dhúshlánach seo le comhoibriú agus rannpháirtíocht an phobail, le comhoibriú ón earnáil

dheonach, ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach, agus oibriú as lámha a chéile chun tacú leis an Ghaeilge a chur chun cinn sna ceantair éagsúla.

Fócas do 2014

In 2014, leanfaidh an tÚdarás air ag maoiniú réimse de thionscadail a bhaineann le forbairt fiontraíochta agus cruthú fostaíochta, le béim ar leith ar na hearnálacha a bhaineann le dobharshaothrú agus próiseáil éisc, eolaíochtaí beatha, bia, turasóireacht agus fiontair cruthaitheach (bainteach le tograí meán, ealaíon, teangabhunaithe agus cultúrbhunaithe). Cuirfear dlús lena fheidhmeanna maidir le pleanáil teanga de, agus tacófar le réimse de chláir forbartha pobail agus áitiúla a mbeidh sé d'aidhm acu forbairt a dhéanamh ar bhreis scileanna agus acmhainneachta ag leibhéal an phobail i réimse de thionscadail fiontraíochta agus pleanála teanga.

I rith na bliana, leanfaimid orainn ag díriú ar straitéis faoina bhfaighfear níos mó acmhainní agus maoinithe chun an gréasán riachtanach de sheirbhísí, infreastruchtúr gnó agus saoráidí a sholáthar a bheidh mar bhunchloch le hathshlánú inmharthana sa Ghaeltacht.

ATHBHREITHNIÚ AR NA CEANTAIR GHAELTACHTA

Gaeltacht Dhún na nGall

Cruthaíodh 220 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall in 2013. Bhí 1,942 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú suntasach de 64 post nua i gceist i nGaeltacht Dhún na nGall, sin méadú 3.4% ar an bhliain roimhe.

Cruthaíodh poist nua i gcomhlachtaí ar fud Ghaeltacht Thír Chonaill ar nós Randox Teo, An Clochán Liath; Arán Ard Teoranta, Ard a Rátha; Comhlacht Iascaireachta Fánaid Teo, Fánaid; Faisc Miotail Éireann Teo, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair agus i dtograí nua ar nós Mobileonix Teo agus Millíní Adhmaid Dhún na nGall Teo atá lonnaithe ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Cailleadh poist sna tionscail turasóireachta, tógála agus seirbhísí, agus shil comhlachtaí atá i mbun déantúsaíocht roinnt poist.

Is ábhar dóchais é an méid tograí nua a ceadaíodh do Ghaeltacht Dhún na nGall i rith na bliana. Cheadaigh an tÚdarás tograí do Ghaeltacht Dhún na nGall ina mbeidh infheistíocht iomlán de os cionn €11 milliún i gceist agus 246 post nua á gcruthú iontu nuair a bheidh na tograí faoi lán seol.

Bhí 296 duine fostaithe ar scéimeanna sóisialta fostaíochta i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana, scéimeanna atá á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus atá maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Forbairtí Eile

Rinneadh infheistíocht i bhfoirgneamh iar-Wiss Medi Teo ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair lena roinnt ina aonaid fiontraíochta a bheidh dírithe ar fhiontair sna tionscail feistí leighis agus seirbhísí trádála idirnáisiúnta. Rinneadh athfhorbairt ar an sean Mharglann i nGleann Cholm Cille i gcaitheamh na bliana lena chur in oiriúint do thionscnaimh phobail/thurasóireachta agus óige. Ceadaíodh léas do Chairdeas na bhFidléirí le cuid den spás seo a fhorbairt mar iarsmalann cheoil thraidisiúnta. Cuireadh le chéile físeán d'Áislann Ghaoth Dobhair agus beidh sé á úsáid mar uirlis mhargaíochta agus dhíolacháin ar mhaithe le gnó a mhealladh le lonnú san Áislann.

Plean Forbartha Bhaile na Finne

Ullmhaíodh plean forbartha cúig bliana do mhórcheantar Bhaile na Finne in 2013. Is í aidhm an phlean forbartha seo ná clár ghníomhaíochtaí forbartha pobail a leagann amach do mhórcheantar Bhaile na Finne don tréimhse cúig bliana amach romhainn i gcomhar le pobal an cheantair.

Ceangal G

Cuireadh tús le tionscnamh CeangalG in 2013, tionscnamh atá lonnaithe ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair. Is tionscnamh trasteorann é seo atá maoinithe faoi Chlár Interreg IVA agus atá á fheidhmiú ag an Údarás i gcomhar le Sabhal Mór Ostaig in Albain agus le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste. Is í aidhm an tionscnaimh ná comhoibriú a spreagadh agus a neartú idir áisíneachtaí san earnáil phoiblí i gceantair theorann in Albain, sa Ghaeltacht agus i dTuaisceart Éireann, agus tá béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontair a bhaineann úsáid as an Ghaeilge agus/nó Gaidhlic na hAlban.

Clár Interreg ‘ *Innovation and Growth Programme’*

Leanadh le cur i bhfeidhm an chláir thacaíochta do rannpháirtithe atá dírithe ar thapú deiseanna forbartha idirnáisiúnta chun an gnó a fhorbairt, ar nós gnó anseo ag easpórtáil go margadh úr nó ag tabhairt táirge/teicneolaíochta/ceadúnas ó thír eile go dtí an tír seo in 2013. Beidh 24 rannpháirtí ó Thír Chonaill (an Ghaeltacht ach go h-áirithe) ag glacadh páirte sa chlár seo thar tréimhse trí bliana.

Gaeltacht Mhaigh Eo

Cruthaíodh 63 post nua i nGaeltacht Mhaigh Eo in 2013, sin glanmhéadú de 17 post nua ar an bhliain roimhe sin. Bhí 728 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana. Bhí an fás san fhostaíocht le feiceáil go príomha i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú sa tionscal turasóireachta.

Bhí 217 duine fostaithe chomh maith ar scéimeanna sóisialta fostaíochta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Thug an tÚdarás, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus oibrithe na scéimeanna forbartha pobail faoi thograí athnuachan bailte i 15 baile i gceantar Iorrais i rith na bliana le hinfheistíocht mheasta de os cionn €900,000 san iomlán.

I rith na bliana d’eagraigh an tÚdarás, i gcomhar le heagraíochtaí oiliúna eile, roinnt cúrsaí traenála i réimsí gnó ar nós na meáin dhigiteach, forbairt bainistíochta agus forbairt pobail. D’fhreastail ionadaithe ó os cionn 80 comhlacht ar na cúrsaí seo le linn na bliana.

Cuireadh tús le réamhobair don togra G.R.E.A.T (Growing Renewable Energy Applications and Technologies) i rith na bliana. Beidh an togra ar siúl i 2014/2015 agus is í aidhm an togra ná cuidiú le comhlachtaí margaí nó teicneolaíochtaí nua a aimsiú san earnáil fuinneamh in-athnuaite agus earnálacha gaolmhara eile in Iarthuaisceart na hEorpa.

Gaeltacht na Gaillimhe

Cruthaíodh 222 post nua i nGaeltacht na Gaillimhe in 2013. Bhí 2,741 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana. Cruthaíodh

poist nua i rith na bliana go príomha i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú sna hearnálacha feistí leighis, seirbhísí trádála idirnáisiúnta, closamhairc, seirbhísí agus próiseála éisc.

Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú beag de 11 post i nGaeltacht na Gaillimhe. Cailleadh an chuid is mó de na poist i gcomhlachtaí a bhí ag feidhmiú sna tionscail déantúsaíochta traidisiúnta, turasóireachta agus tógála.

Ba bhliain mhaith eile a bhí in 2013 do Ghaeltacht na Gaillimhe ó thaobh ceadú post de. Ceadaíodh líon suntasach tograí nua i rith na bliana ina mbeidh infheistíocht de os cionn €16 milliún i gceist nuair a bheidh siad faoi lán seoil agus táthar ag súil go gcruthófar 177 post nua.

Bhí 374 duine fostaithe chomh maith ar scéimeanna sóisialta fostaíochta i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Cuireadh raon cúrsaí oiliúna ar fáil i rith na bliana i réimsí ar nós fiontraíocht, margaíocht, forbairt pobail, gaibhneoireacht agus feistis leighis.

Cuireann Údarás na Gaeltachta fáilte roimh an soláthar atá ceadaithe ag an Rialtas do Chultúrlann Chonamara ag Teach an Phiarsaigh faoina phacáiste spreagthaí caipitil. Tá maoiniú de €500,000 curtha ar fáil i 2014 ó Chlár Cuimhneacháin 1916 don fhorbairt atá beartaithe ag Teach an Phiarsaigh. Tuigtear dúinn go mbeidh €1.5 milliún ar fáil don togra i 2015-2016. Beifear ag obair i gcomhar leis na páirtithe leasmhara le h-iarracht a dhéanamh teacht ar an soláthar iomlán chaipitil atá riachtanach leis an togra a thabhairt chun críche.

Gaeltacht na Mí

Bhí 167 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana. Bhí glanmhéadú beag de 6 phost i gceist ar an bhliain roimhe. Bhí fás ar an leibhéal fostaíochta sa chomhlacht Faughan Foods Ltd arís anuraidh, le 50 duine ag obair ann ag deireadh na bliana.

Gaeltacht Chiarraí

Cruthaíodh 63 post nua i nGaeltacht Chiarraí in 2013. Cruthaíodh na poist nua seo i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú i dtionscail seirbhísí, an tionscal bia agus dí agus an tionscal turasóireachta den chuid is mó. Nuair a thógtar san áireamh an líon post a cailleadh, bhí glanchaillteanas de 23 post san iomlán ann. Bhí 683 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana.

Is údar dóchais é an líon tograí nua a ceadaíodh i rith na bliana ina mbeidh infheistíocht iomlán de €1.7 milliún i gceist agus os cionn 30 post nua á gcruthú iontu nuair a bheidh na tograí seo faoi lán seoil.

Bhí 87 duine fostaithe chomh maith ar scéimeanna sóisialta fostaíochta i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Le linn na bliana ceadaíodh maoiniú le Lárionad Forbartha Gaeilge agus Gaeltachta, a chosnóidh €3.4 milliún, a fhorbairt i mBaile an Fheirtéaraigh i gContae Chiarraí ar shuíomh de chuid Údarás na Gaeltachta. Tá Údarás na Gaeltachta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo i gcomhpháirtíocht agus ag maoiniú an togra nua seo.

Mar chuid den Lárionad Forbartha seo, ina mbeidh achar de c.1,400 méadar cearnach, beidh oifigí agus áiseanna nua do Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo; Ionad Tacaíochta Teaghlaigh ina mbeidh áiseanna nua don naíonra agus seirbhísí réamhscoile; spás oiliúna; agus trí aonad fiontraíochta de chuid an Údaráis. Tá sé i gceist chomh maith clós súgartha poiblí do leanaí a fhorbairt ar an suíomh, atá lonnaithe ar imeall shráidbhaile an Bhuailtín. Is é Údarás na Gaeltachta a bheidh freagrach as an fhorbairt a bhainistiú le linn na tréimhse forbartha agus táthar ag súil go mbeadh an obair forbartha iomlán curtha i gcrích roimh Fómhar na bliana seo chugainn.

Gaeltacht Chorcaí

Cruthaíodh 23 post nua i nGaeltacht Chorcaí in 2013. Nuair a thógtar san áireamh an líon post a cailleadh, bhí glanchaillteanas de 33 post san iomlán. Bhí 577 post lánaimseartha i

gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh na bliana. I rith na bliana cailleadh poist i gcomhlachtaí sna tionscail déantúsaíochta agus closamhairc.

Is údar dóchais é an líon tograí nua a ceadaíodh i rith na bliana ina mbeidh infheistíocht iomlán de €8 milliún i gceist agus os cionn 44 post nua á gcruthú iontu nuair a bheidh na tograí seo faoi lán seoil.

Gaeltacht Phort Láirge

Bhí 131 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge ag deireadh na bliana. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh bhí laghdú de 6 phost i gceist. Ceadaíodh tograí nua i rith na bliana ina mbeidh infheistíocht iomlán de os cionn €1 milliún i gceist agus 21 post nua á gcruthú iontu nuair a bheidh na tograí seo faoi lán seoil.

Críoch

Eolas breise: Siubhán Nic Grianna, Bainisteoir Cumarsáide & Margaíochta
Údarás na Gaeltachta – 091 503219 / 087 2217757 / sng@udaras.ie